TAITHÍ OIBRE LE TG4

Scéim Taithí Oibre Bliana le TG4 do chéimithe nó do thosaitheoirí Fómhar 2020 – Fómhar 2021.

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó thosaitheoirí nó ó chéimithe ollscoile le tréimhse bliana a chaitheamh ar thaithí oibre le TG4 i mBaile na hAbhann.

Is deis í seo do dhaoine atá ag tosú amach san earnáil Físe agus atá ag iarraidh taithí phraiticiúil a fháil le tacú leis an oiliúint atá faighte acu go dtí seo. Íocfar tuarastal le linn na bliana taithí oibre seo agus beidh deiseanna oiliúna breise ar fáil le linn na bliana.

Daoine a bhfuil Gaeilge den scoth acu agus suim sna hardáin shóisialta atá á lorg. Beifear ag súil go mbeidh scileanna taighde agus cumas maith scríofa ag an té a cheapfar chomh maith le tuiscint ar céard is scéal mealltach ann.

I measc na ndualgas, beidh míreanna gearra d'ardáin shóisialta TG4 le haimsiú, le sceidealú agus eagarthóireacht le déanamh orthu. Beidh ceannscríbhinn agus fotheidil le cruthú d'ábhar ar líne, mar aon le hábhar a chur in oiriúint do na hardáin shóisialta.

Beidh cúram ar an té a ceapfar a bheith mar phointe teagmhála leis an bpobal agus comhordú a dhéanamh ar fhreagraí chuig an phobal ar na h-ardáin sóisialta.

Gheobhaidh an té a cheapfar taithí chuimsitheach ag obair i réimse an léiriúcháin reatha ina ndéantar comhordú ar obair eagarthóireachta agus ar obair fhoilsitheoireachta ar na hardáin Dhigiteacha.

Tá oiliúnaithe á lorg sna réimsí seo a leanas:

- Comhordaitheoir do na meáin shóisialta le **@Cúla4**
- Comhordaitheoir do na meáin shóisialta le **BLOC**
- Comhordaitheoir do na meáin shóisialta le **MOLSCÉAL**
- Comhordaitheoir do na meáin shóisialta le **@SportTG4**
- Comhordaitheoir do na meáin shóisialta le @TG4TV & **Ceol TG4**.

Seol CV, mar aon le d'iarratas a léiríonn do réimsí spéise, chuig cv@tg4.ie.

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: Dé hAoine 14 Lúnasa 2020.

Is fostóir comhionannas deiseanna é TG4 agus is í an Ghaeilge an teanga oibre.

Beidh cianobair i gceist, mar aon le láithreacht ag Ceannáras TG4 i mBaile na hAbhann ó am go chéile.